

TEACHTAIREACHT ÓN G COIMISIÚN**Ábhar dréachta le haghaidh Rialacháin ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a fhorhmheas maidir le catagóirí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha**

(2022/C 120/02)

D'fhorhmheas an Coimisiún ábhar dréachta le haghaidh Rialacháin ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha an 1 Márta 2022.

Tá an dréacht le haghaidh Rialacháin ón gCoimisiún i gceangal leis an Teachtaireacht seo mar Iarscríbhinn.

Tá an dréacht le haghaidh Rialacháin ón gCoimisiún oscailte le haghaidh comhairliúchán phoiblí ag:

<http://ec.europa.eu/competition/consultations/open.html>

IARSCRÍBHINN

DRÉACHT RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an ...

maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chatagóirí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“an Conradh”),

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71 ón gComhairle an 20 Nollaig 1971 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 85(3) den Chonradh ar chatagóirí de chomhaontuithe, cinní agus cleachtais chomhbheartaithe ⁽¹⁾,

Tar éis dó dréacht den Rialachán seo a fhoilsiú,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71, tugtar cumhacht don Choimisiún Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm * trí rialachán maidir le catagóirí áirithe de chomhaontuithe, cinní agus cleachtais chomhbheartaithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh a bhfuil sé de chuspóir acu (i) taighde agus forbairt táirgí, teicneolaíochtaí nó próiseas a fhad le céim an chur i bhfeidhm thionsclaíoch, agus (ii) saothrú na dtorthaí, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla.
- (2) In Airteagal 179(2) den Chonradh iarrtar ar an Aontas gnóthais, lena n-áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide, a spreagadh ina ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche ardchaighdeán, agus tacú lena n-iarrachtaí comhoibriú le chéile.
- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún ⁽²⁾ sainmhínítear catagóirí de chomhaontuithe taighde agus forbartha ar mheas an Coimisiún go gcomhlíontar leo na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 101(3) den Chonradh. I bhfianaise na taithí dearfaí ar an iomlán maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2022, agus ag cur san áireamh torthaí ón nós imeachta athbhreithnithe, is iomchuí rialachán blocdhíolúine nua a ghlacadh.
- (4) Tá sé beartaithe leis an Rialachán seo taighde agus forbairt a éascú agus an iomaíocht a chosaint go héifeachtach ag an am céanna. Ina theannta sin, ba cheart don Rialachán seo an ceanglas a chomhlíonadh maidir le hurrús dlíthiúil leordhóthanach a sholáthar do ghnóthais. Ba cheart go gcuirfeadh san áireamh le saothrú na gcuspóirí sin an gá atá leis an maoirseacht riaracháin agus an creat reachtach a shimpliú a mhéid is féidir.
- (5) Faoi bhun leibhéal áirithe cumhachta margaidh, is féidir a thiomhdeú go ginearálta, chun críche Airteagal 101(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm, go sáróidh éifeachtaí dearfacha na gcomhaontuithe taighde agus forbartha aon éifeacht diúltacha ar an iomaíocht.

⁽¹⁾ IO L 285, 29.12.1971, lch. 46.

^(*) Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, déantar Airteagal 101 den Chonradh d'Airteagal 81 de Chonradh CE (Airteagal 85 de Chonradh CEE roimhe seo). Is ionann na forálacha sin go bunúsach. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart tagairtí d'Airteagal 85 de Chonradh CEE nó tagairtí d'Airteagal 81 de Chonradh CE a thuiscint mar thagairtí d'Airteagal 101 den Chonradh i gcás inarb iomchuí.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha (IO L 335, 18.12.2010, lgh. 36).

- (6) Maidir le cur chun feidhme Airteagal 101(3) den Chonradh trí bhíthin rialacháin, ní gá na comhaontuithe sin a fhéadann teacht faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh a shainmhíniú. Sa mheasúnú aonair ar na comhaontuithe faoi Airteagal 101(1) den Chonradh, ní mór roinnt tosca a chur san áireamh, go háirithe struchtúr an mhargaidh ar an margadh ábhartha.
- (7) De ghnáth ní thagann comhaontuithe maidir le comhghníomhú na hoibre taighde nó maidir le forbairt chomhpháirteach thorthaí an taighde, a fhad le céim an chur i bhfeidhm thionsclaíoch ach gan an cur i bhfeidhm thionsclaíoch a bheith san áireamh, faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh. I gcúinsí áirithe, áfach, amhail i gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe gan aon taighde ná forbairt eile a dhéanamh sa réimse céanna, agus ar an gcaoi sin ag tarscaoileadh na deise buntáistí iomaíochta a bhaint amach ar na páirtithe eile, féadfaidh comhaontuithe den sórt sin teacht faoi Airteagal 101(1) den Rialachán. Conradh agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (8) Ba cheart tairbhe na díolúine a bhunaítear leis an Rialachán seo a bheith teoranta do na comhaontuithe sin ar féidir talamh slán a dhéanamh de le deimhneacht leordhóthanach go gcomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh.
- (9) Is féidir a bheith ag súil go ginearálta go mbainfidh tomhaltóirí leas as méid agus éifeachtacht mhéadaithe an taighde agus na forbartha trí (i) thabhairt isteach táirgí, teicneolaíochtaí nó próiseas nua, nó (ii) na táirgí, na teicneolaíochtaí nó na próisis sin a sheoladh níos tapa, nó (iii) laghdú ar phraghsanna de bharr teicneolaíochtaí nó próiseas nua nó feabhsaithe.
- (10) Is é is dóichí go gcuirfeadh comhar i dtaighde agus i bhforbairt chomhpháirteach nó íoctha agus i saothrú na dtorthaí an dul chun cinn teicniúil agus eacnamaíoch chun cinn má chuireann na páirtithe scileanna, sócmhainní nó gníomhaíochtaí comhlántacha leis an gcomhar.
- (11) Féadfaidh foirmeacha éagsúla a bheith ag comhshaothrú na dtorthaí amhail táirgeadh, dáileadh táirgí nó cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí, sannadh nó ceadúnú cearta maoinne intleachtúla nó fios gnó a chur in iúl theastaíonn le haghaidh táirgeadh nó feidhmiú den sórt sin a rannchuidíonn go suntasach le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch.
- (12) Chun údar maith a thabhairt don díolúine a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbainfeadh an comhshaothrú le táirgí, teicneolaíochtaí nó próisis a bhfuil úsáid thorthaí an taighde agus na forbartha fíor-riachtanach ina leith.
- (13) Thairis sin, ba cheart go n-aontódh na páirtithe go léir sa chomhaontú taighde agus forbartha go mbeidh rochtain iomlán acu go léir ar thorthaí deiridh an taighde agus na forbartha comhpháirtí, lena n-áirítear aon chearta maoinne intleachtúla agus fios gnó a eascraíonn astu, chun críocha (i) tuilleadh taighde agus forbartha agus (ii) saothraithe, a luaite a bheidh na torthaí deiridh ar fáil. Níor cheart go ginearálta rochtain ar na torthaí a theorannú maidir le húsáid na dtorthaí chun críocha tuilleadh taighde agus forbartha. Mar sin féin, i gcás ina gcuireann na páirtithe, i gcomhréir leis an Rialachán seo, teorainn lena gcearta saothraithe, go háirithe i gcás ina ndéanann siad speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe, féadfar rochtain ar na torthaí chun críocha an tsaothraithe a theorannú dá réir sin. Ina theannta sin, i gcás (i) chomhlachtaí acadúla, institiúidí taighde nó (ii) gnóthais a sholáthraíonn taighde agus forbairt mar sheirbhís tráchtála gan a bheith gníomhach de ghnáth i saothrú na dtorthaí a bheith rannpháirteach i dtaighde agus i bhforbairt, féadfaidh siad comhaontú úsáid a bhaint as torthaí an taighde agus na forbartha chun críche tuilleadh taighde amháin.
- (14) Ag brath ar a gcumas agus a riachtanais tráchtála, féadfaidh na páirtithe rannchuidiú míchothrom a dhéanamh lena gcomhar taighde agus forbartha. Dá bhrí sin, chun na difríochtaí i luach nó i gcineál ranníocaíochtaí na bpáirtithe a léiriú, agus chun cúiteamh a dhéanamh ina leith, féadfar a fhoráil le comhaontú taighde agus forbartha a bhaineann leas as an Rialachán seo go dtabharfaidh páirtí amháin cúiteamh do pháirtí eile as rochtain a fháil ar na torthaí chun críocha tuilleadh taighde nó saothraithe. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh an cúiteamh chomh hard sin go gcuirfí bac éifeachtach ar rochtain den sórt sin.
- (15) I gcás nach ndéantar foráil sa chomhaontú taighde agus forbartha maidir le haon saothrú comhpháirteach ar na torthaí, ba cheart go gcomhaontódh na páirtithe sa chomhaontú taighde agus forbartha rochtain a thabhairt dá chéile ar a bhfios gnó atá ann cheana faoi seach, fad a bheidh an fios gnó sin fíor-riachtanach chun críocha saothrú na dtorthaí ag na páirtithe eile. Níor cheart go mbeadh an cúiteamh (e.g. rátaí aon táille ceadúnais) a ghearrtar chomh hard sin go gcuirfí bac éifeachtach ar rochtain na bpáirtithe eile ar an bhfios gnó.

- (16) Ba cheart an díolúine a bhunaítear leis an Rialachán seo a theorannú do chomhaontuithe taighde agus forbartha nach dtugann an deis do ghnóthais deireadh a chur leis an iomaíocht i leith cuid mhór de na táirgí nó de na teicneolaíochtaí atá i gceist. Is gá a eisiáimh ó na comhaontuithe blocdhíolúine idir iomaitheoirí a sáraíonn a sciar comhcheangailte den mhargadh le haghaidh táirgí nó teicneolaíochtaí is féidir a fheabhsú, a ionadú nó a athsholáthar le torthaí an taighde agus na forbartha, a sáraíonn a sciar comhcheangailte den mhargadh sin leibhéal áirithe an tráth a dhéantar an comhaontú.
- (17) Ba cheart an díolúine a bhunaítear leis an Rialachán seo a theorannú freisin do chomhaontuithe taighde agus forbartha nach dtugann an deis do ghnóthais deireadh a chur le hiomaíocht sa nuálaíocht, lena n-áirítear táirgí nó teicneolaíochtaí nua a fhorbairt. Is gá comhaontuithe taighde agus forbartha a eisiáimh ón mblocdhíolúine i gcás ina mbeadh níos lú ná trí iarracht iomaíocha T&F sa bhreis ar agus inchomparáide le hiarrachtaí na bpáirtithe sa chomhaontú T&F.
- (18) Níl aon toimhde ann, áfach, go dtagann na comhaontuithe taighde agus forbartha faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh nó nach gcomhlíontar leo coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a luaithe nach gcomhlíontar na tairseacha nó coinníollacha eile a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcásanna den sórt sin, is gá measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú taighde agus forbartha faoi Airteagal 101 den Chonradh.
- (19) Chun a áirithiú go gcoimeádfar iomaíocht éifeachtach le linn chomhshaothrú na dtorthaí, ba cheart foráil a dhéanamh go scoirfidh an blocdhíolúine d'fheidhm a bheith aici má tá sciar comhcheangailte na bpáirtithe den mhargadh le haghaidh na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí a eascraíonn as an taighde agus forbartha os cionn leibhéal áirithe. Ba cheart go leanfadh an díolúine d'fheidhm a bheith aici beag beann ar sciartha na bpáirtithe den mhargadh ar feadh tréimhse áirithe tar éis tús a chur le comhshaothrú, chun fanacht le cobhsú a sciartha den mhargadh, go háirithe tar éis táirge iomlán nua a thabhairt isteach, agus chun íostréimhse a ráthú maidir leis an toradh ar na hinfheistíochtaí atá i gceist.
- (20) Níor cheart a dhíolmhú leis an Rialachán seo comhaontuithe ina bhfuil srianta nach bhfuil fíor-riachtanach chun na héifeachtaí dearfacha a thagann mar thoradh ar chomhaontú taighde agus forbartha a bhaint amach. I bprionsabal, ba cheart comhaontuithe ina bhfuil cineálacha ar leith srianta dochta iomaíochta maidir le sairse páirtithe chun taighde agus forbairt a dhéanamh i réimse nach bhfuil nasctha leis an gcomhaontú seo, praghsanna a mhúirearaítear ar thríú páirtithe a shocrú, teorannú ar aschur nó díolacháin, agus teorannú maidir le díolacháin éighníomhacha a chur i bhfeidhm le haghaidh táirgí conartha nó teicneolaíochtaí conartha i gcríocha nó i leith custaiméirí a choimeádtar do pháirtithe eile, a eisiáimh ó thairbhe na díolúine a bhunaítear leis an Rialachán seo gan beann ar sciartha den mhargadh na bpáirtithe. Sa chomhthéacs seo, ní srianta ar aschur nó ar dhíolacháin iad srianta ar an réimse úsáide, agus ní srianta críochacha ná srianta custaiméara iad ach oiread.
- (21) De ghnáth, áirithítear leis an srian ar an sciar den mhargadh, neamhdhíolúine comhaontuithe áirithe agus na coinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo nach gcuirtear leis na comhaontuithe a bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine maidir leo ar chumas na bpáirtithe iomaíocht a dhíchur maidir le cuid mhór de na hearraí nó na teicneolaíochtaí i gceist.
- (22) Ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha foraimh teacht chun cinn i gcás ina ndéanann páirtí amháin maoiniú ar roinnt tionscadal taighde agus forbartha a dhéanann iomaitheoirí maidir leis na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha céanna, go háirithe i gcás ina bhfaigheann sé an ceart eisiach chun na torthaí a shaothrú i leith tríú páirtithe. Dá bhrí sin, níor cheart tairbhe an Rialacháin seo a thabhairt do chomhaontuithe taighde agus forbartha íochta den sórt sin ach amháin mura mó ná 25 % an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe go léir a bhfuil baint acu leis na comhaontuithe bainteacha, is é sin le rá, an páirtí maoinithe agus na páirtithe uile a dhéanann an taighde agus forbairt.
- (23) Féadtar tairbhe an Rialacháin seo a tharraingt siar, de bhun Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ⁽³⁾.
- (24) Toisc gur comhaontuithe de chineál fadtéarmach iad comhaontuithe taighde agus forbartha go minic, go háirithe i gcás ina leathnaítear an comhar chun na torthaí a shaothrú, ba cheart tréimhse bailíochta an Rialacháin seo a shocrú ag 12 bhliain.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagal 81 agus in Airteagal 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Sainmhínithe

1. Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (1) ciallaíonn “comhaontú T&F” comhaontú arna dhéanamh idir dhá pháirtí nó níos mó a bhaineann leis na coinníollacha faoina ndéanfaidh na páirtithe sin an méid a leanas a shaothrú:
 - (a) taighde agus forbairt chomhpháirteach táirgí conartha nó teicneolaíochtaí conartha lena mbaineann an méid seo a leanas:
 - (i) eisiatar comhshaothrú thorthaí an taighde agus na forbartha sin, nó
 - (ii) eisiatar comhshaothrú thorthaí an taighde agus na forbartha sin; nó
 - (b) taighde íoctha agus forbairt táirgí conartha nó teicneolaíochtaí conartha lena mbaineann an méid seo a leanas:
 - (i) eisiatar comhshaothrú thorthaí an taighde agus na forbartha sin, nó
 - (ii) eisiatar comhshaothrú thorthaí an taighde agus na forbartha sin; nó
 - (c) saothrú comhpháirteach ar thorthaí taighde agus forbartha ar tháirgí conartha nó ar theicneolaíochtaí conartha arna ndéanamh de bhun comhaontú roimh ré a thagann faoi mhír (1)(a) idir na páirtithe céanna; nó
 - (d) comhshaothrú ar thorthaí taighde agus forbartha i leith táirgí conartha nó teicneolaíochtaí conartha arna dhéanamh de bhun comhaontú roimh ré a thagann faoi mhír (1)(b) idir na páirtithe céanna;
 - (2) ciallaíonn “comhaontú” comhaontú, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe;
 - (3) ciallaíonn “taighde agus forbairt” (“T&F”) gníomhaíochtaí a bhfuil sé d’aidhm acu fios gnó a fháil maidir le táirgí, teicneolaíochtaí nó próisis atá ann cheana nó atá nua, anailís theoiriciúil, staidéar córasach nó turgnamhaíocht a dhéanamh, lena n-áirítear táirgeadh turgnamhach, tástáil theicniúil ar tháirgí nó próisis, bunú na n-áiseanna riachtanacha agus cearta maoiné intleachtúla a fháil le haghaidh na dtorthaí;
 - (4) ciallaíonn “táirge” earra nó seirbhís, lena n-áirítear idir earraí nó seirbhísí idirmheánacha agus earraí agus seirbhísí deiridh;
 - (5) ciallaíonn “teicneolaíocht chonartha” teicneolaíocht nó próiseas a eascraíonn as an taighde nó as an bhforbairt i gcomhar nó íoctha. Áirítear leis seo teicneolaíochtaí nó próisis a fhaightear trí chuaille T&F chomh maith le teicneolaíochtaí nó próisis nua;
 - (6) ciallaíonn “táirge conartha” táirge a eascraíonn as an taighde agus as an bhforbairt i gcomhar nó íoctha a tháirgtear nó a sholáthraítear agus na teicneolaíochtaí conartha á gcur i bhfeidhm; Áirítear leis seo táirgí a fhaightear trí chuaille T&F chomh maith le táirgí nua;
 - (7) ciallaíonn “táirge nó teicneolaíocht nua” táirge, teicneolaíocht nó próiseas nach bhfuil ann fós an tráth a dhéanfar an comhaontú T&F a thagann faoi mhír 1(a) nó (b) agus lena gcruthófar, má thagann sé chun cinn, a mhargadh nua féin agus nach ndéanfaidh táirge, teicneolaíocht nó próiseas atá ann cheana a fheabhsú, a ionadú nó a athsholáthar;
 - (8) Ciallaíonn “cuaille T&F” iarrachtaí T&F atá dírithe go príomha ar aidhm nó ar chuspóir sonracha. Ní féidir sainaidhm nó cuspóir sonracha chuaille T&F a shainiú fós mar tháirge nó mar theicneolaíocht nó tá sprioc i bhfad níos leithne ná táirgí nó teicneolaíochtaí ar mhargadh sonracha i gceist;
 - (9) ciallaíonn “saothrú na dtorthaí” táirgeadh nó dáileadh na dtáirgí conartha nó cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí conartha nó sannadh nó ceadúnú cearta maoiné intleachtúla nó fios gnó a chur in iúl a theastaíonn le haghaidh táirgeadh nó cur i bhfeidhm den sórt sin;

- (10) ciallaíonn “cearta maoinne intleachtúla” cearta maoinne tionsclaíochta, go háirithe paitinní áirithe agus trádmharcanna; chomh maith le cóipcheart agus cearta gaolmhara;
- (11) ciallaíonn “saineolas” pacáiste d’eolas praiticiúil, mar thoradh ar thaithí agus tástáil, atá:
- (a) “rúnda”, is é sin le rá, nach bhfuil eolas ginearálta air nó nach féidir a rochtain go héasca;
 - (b) “substaintiúil”, is é sin le rá, suntasach agus úsáideach chun na táirgí conartha a tháirgeadh nó chun teicneolaíochtaí conartha a chur i bhfeidhm; agus
 - (c) “sainaitheanta”, is é sin le rá, ar a dtugtar tuairisc ar bhealach cuimsitheach leordhóthanach le gur féidir a dheimhniú go gcomhlíonann sé na critéir rúndachta agus substaintiúlachta;
- (12) ciallaíonn “i gcomhar”, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú T&F, gníomhaíochtaí ina bhfuil an obair atá i gceist:
- (a) arna cur i gcrích ag foireann, eagraíocht nó gnóthas comhpháirteach;
 - (b) ar iontaoibh chomhpháirteach do thríú páirtí; nó
 - (c) arna leithdháileadh idir na páirtithe mar speisialtóireacht i gcomhthéacs taighde agus forbartha nó mar speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe;
- (13) ciallaíonn “speisialtóireacht i gcomhthéacs taighde agus forbartha” go bhfuil gach ceann de na páirtithe rannpháirteach sna gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chumhdaítear leis an gcomhaontú T&F agus roinneann siad an obair thaighde agus forbartha eatarthu ar aon bhealach is iomchuí dar leo; ní áirítear leis seo taighde agus forbairt íochta;
- (14) ciallaíonn “speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe” go leithroinneann na páirtithe cúraimí aonair amhail táirgeadh nó dáileadh eatarthu, nó go bhforchuireann siad srianta ar a chéile maidir le saothrú na dtorthaí amhail srianta i ndáil le críocha, custaiméirí nó réimsí úsáide áirithe; áirítear leis seo cás nach ndéanann ach páirtí amháin na táirgí conartha a tháirgeadh agus a dháileadh ar bhonn ceadúnais eisiach arna dheonú ag na páirtithe eile;
- (15) ciallaíonn “taighde agus forbairt íochta” taighde agus forbairt a dhéanann páirtí amháin agus a mhaoiníonn páirtí maoinithe;
- (16) ciallaíonn “páirtí maoinithe” páirtí a mhaoiníonn taighde agus forbairt íochta fad is nach bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha á ndéanamh aige féin;
- (17) ciallaíonn “gnóthas atá san iomaíocht le haghaidh táirge agus/nó teicneolaíocht atá ann cheana” iomaitheoir iarbhír nó ionchasach;
- (a) ciallaíonn “iomaitheoir iarbhír” gnóthas a sholáthraíonn táirge, teicneolaíocht nó próiseas atá ann cheana, táirge, teicneolaíocht nó próiseas ar féidir leis an táirge conartha nó an teicneolaíocht chonartha é a fheabhsú nó a athsholáthar, sin nó a ionad a ghlacadh, ar an margadh geografach ábhartha;
 - (b) ciallaíonn “iomaitheoir ionchasach” gnóthas, in éagmais an chomhaontaithe T&F, ar fhoras réalaíoch agus ní mar fhéidearthacht theoriciúil amháin, ar dócha dó, laistigh de níos lú ná 3 bliana na hinfheistíochtaí breise is gá a dhéanamh nó na costais is gá a thabhtú chun táirge, teicneolaíocht nó próiseas a sholáthar ar féidir leis an táirge conartha nó an teicneolaíocht chonartha é a fheabhsú nó a athsholáthar, sin nó a ionad a ghlacadh, ar an margadh geografach ábhartha;
- (18) ciallaíonn “gnóthas atá in iomaíocht sa nuálaíocht” gnóthas nach bhfuil in iomaíocht le haghaidh táirge agus/nó teicneolaíochta atá ann cheana agus atá ag gabháil go neamhspleách do chomhaontú T&F nó, in éagmais an chomhaontaithe T&F, a bheadh in ann agus ar dóigh dó gabháil go neamhspleách d’iarrachtaí T&F a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
- (a) taighde agus forbairt na dtáirgí agus/nó na dteicneolaíochtaí nua céanna nó is dócha a bheidh in ionad na cinn a chumhdófar sa chomhaontú T&F; nó
 - (b) cuailí T&F a bhfuil an aidhm chéanna nó an cuspóir céanna acu go substaintiúil leis na cinn a chumhdófar ag an gcomhaontú T&F;
- (19) ciallaíonn “iarracht iomaíoch T&F” iarracht T&F a bhfuil tríú páirtí ag gabháil di, ina aonar nó i gcomhar le tríú páirtithe eile, nó a bhfuil tríú páirtí in ann agus ar dóigh dó gabháil di go neamhspleách, agus a bhaineann leis an méid a leanas:
- (a) taighde agus forbairt na dtáirgí agus/nó na dteicneolaíochtaí nua céanna nó is dócha a bheidh in ionad na cinn a chumhdófar sa chomhaontú T&F; nó

(b) cuailí T&F a bhfuil an aidhm chéanna nó an cuspóir céanna acu go substaintiúil leis na cinn a chumhdófar ag an gcomhaontú T&F;

Ní foláir nó go bhfuil na tríú páirtithe seo neamhspleách ó na páirtithe sa chomhaontú T&F.

- (20) ciallaíonn “gnóthas neamhiomaíoch” gnóthas nach bhfuil in iomaíocht le haghaidh táirge agus/nó teicneolaíochta atá ann cheana ná nach gnóthas é atá in iomaíocht sa nuálaíocht;
- (21) ciallaíonn “margadh táirgí ábhartha” an margadh ábhartha do na táirgí is féidir a fheabhsú, a chur ina n-ionad nó a athsholáthar leis na táirgí conartha;
- (22) ciallaíonn “margadh teicneolaíochta iomchuí” an margadh ábhartha do na teicneolaíochtaí nó do na próisis is féidir a fheabhsú, a chur ina n-ionad nó a athsholáthar leis na teicneolaíochtaí conartha;
- (23) ciallaíonn “díolacháin ghníomhacha” gach cineál díola seachas díolacháin éighníomhacha;
- (24) ciallaíonn díolacháin “éighníomhacha” díolacháin mar fhreagra ar iarrataí gan iarraidh ó chustaiméirí aonair, lena n-áirítear seachadadh táirgí chuig an gcustaiméir nó chuig na custaiméirí sin, gan an díolachán a thionscnamh trí dhírú go gníomhach ar an gcustaiméir, ar an ngrúpa custaiméirí ar leith nó ar an gcríoch shonrach; folaítear i ndíolacháin éighníomhacha díolacháin a eascraíonn as páirt a ghlacadh i dtairiscintí soláthair príobháideacha nó poiblí.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, áireofar leis na téarmaí “gnóthas” agus “páirtí” a ngnóthais ghaolmhara faoi seach.

Ciallaíonn “gnóthais ghaolmhara” an méid seo a leanas:

(a) gnóthais ina bhfuil an méid a leanas ag páirtí sa chomhaontú T&F, go díreach nó go hindíreach:

- (i) tá an chumhacht acu níos mó ná leath de na cearta vótála a fheidhmiú;
- (ii) an chumhacht chun níos mó ná leath de chomhaltaí an bhoird mhaoirseachta, an bhoird bhainistíochta nó comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht dhlíthiúil thar ceann an ghnóthais a cheapadh; nó
- (iii) an ceart aige, go díreach nó go hindíreach, gnóthaí an ghnóthais a bhainistiú;

(b) gnóthais a bhfuil na cearta agus na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a) acu go díreach nó go hindíreach, ar pháirtí sa chomhaontú T&F;

(c) gnóthais ina sealbhaíonn gnóthas dá dtagraítear i bpointe (b), go díreach nó go hindíreach, na cearta nó na cumhachtaí a liostaítear i bpointe (a);

(d) gnóthais ina bhfuil ag páirtí sa chomhaontú taighde agus forbartha mar aon le ceann amháin, nó níos mó de na gnóthais dá dtagraítear i bpointí (a) (b) nó (c), nó gnóthais ina bhfuil ag dhá cheann nó níos mó de na gnóthais, i gcomhpháirt, na cearta agus na cumhachtaí a liostaítear i bpointe (a);

(e) gnóthais ina bhfuil na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a) i gcomhpháirt ag:

- (i) páirtithe sa chomhaontú T&F nó a ngnóthais ghaolmhara faoi seach dá dtagraítear i bpointí (a) go (d); nó
- (ii) ceann amháin nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú T&F nó ceann amháin nó níos mó dá ngnóthais ghaolmhara dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus tríú páirtí amháin nó níos mó.

TEIDEAL II

DÍOLÚINE

Airteagal 2

Díolúine

1. De bhun Airteagal 101(3) den Chonradh agus faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, dearbhaítear leis seo nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le comhaontuithe T&F.

2. Beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear i mír 1 sa mhéid go bhfuil srianta iomaíochta i gceist le comhaontuithe T&F faoi raon feidhme Airteagal 101(1) den Chonradh.

3. Beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear i mír 1 freisin maidir le comhaontuithe T&F lena n-áirítear forálacha maidir le cearta maoinne intleachtúla a shannadh nó a cheadúnú do cheann amháin nó níos mó de na páirtithe nó d'eintiteas a bhunaíonn na páirtithe chun an taighde agus an fhorbairt i gcomhar nó íoctha nó an comhshaothrú a dhéanamh, ar choinníoll go mbaineann an méid a leanas leis na forálacha sin:

- (a) nach ionann iad agus príomhchuspóir comhaontuithe den sórt sin; agus
- (b) baineann siad go díreach le cur chun feidhme na gcomhaontuithe sin agus is gá iad chun iad a chur chun feidhme.

TEIDEAL III

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE DÍOLÚINE

Airteagal 3

Rochtain ar na torthaí deiridh

1. Ní mór a ordú sa chomhaontú T&F go mbeidh rochtain iomlán ag na páirtithe go léir ar thorthaí deiridh an taighde agus na forbartha a dhéantar i gcomhar nó a n-íoctar aisti chun críche taighde agus forbartha breise agus chun críche saothraithe.

- (a) Áireofar sa rochtain dá bhforáiltear i mír 1 aon cheart maoinne intleachtúla agus fios gnó a bheidh mar thoradh air sin.
- (b) Déanfar an rochtain dá bhforáiltear i mír 1 a dheonú a luaithe a bheidh torthaí an taighde agus na forbartha ar fáil.

2. Féadfar a lua sa chomhaontú T&F go dtugann na páirtithe cúiteamh dá chéile as rochtain a thabhairt ar na torthaí chun críoch tuilleadh taighde agus forbartha nó chun críche tuilleadh saothraithe, ach ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith chomh hard sin gurb amhlaidh a chuirfí bac ar an rochtain sin.

3. Féadfaidh institiúidí taighde, comhlachtaí acadúla agus gnóthais a sholáthraíonn taighde agus forbairt mar sheirbhís tráchtála gan a bheith gníomhach de ghnáth i saothrú na dtorthaí, a chomhaontú srian a chur lena n-úsáid as na torthaí chun críocha tuilleadh taighde.

4. I gcás ina gcuireann na páirtithe teorainn lena gcearta saothraithe i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe i gcás ina ndéanann siad speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe, féadfar rochtain ar na torthaí chun críocha an tsaothraithe a theorannú dá réir sin.

Airteagal 4

Rochtain ar fhios gnó a bhí ann cheana

1. I gcomhaontuithe T&F lena n-eisiatar comhshaothrú torthaí taighde agus forbartha i gcomhar nó íoctha, ní mór a ordú go gcaithfear rochtain a thabhairt do gach páirtí ar aon fhios gnó atá ag na páirtithe eile cheana má tá an fios gnó sin fíor-riachtanach chun críocha a shaothraithe ar na torthaí.

2. Féadfar a lua i gcomhaontuithe T&F lena n-eisiatar comhshaothrú ar thorthaí taighde agus forbartha comhpháirtí nó íoctha go dtugann na páirtithe cúiteamh dá chéile as rochtain a thabhairt ar a bhfios gnó atá ann cheana. Ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith chomh hard sin go gcuirfí bac éifeachtach ar rochtain den sórt sin.

Airteagal 5

Comhshaothrú

1. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag aon chomhshaothrú ach amháin le torthaí atá:

- (a) fíor-riachtanach chun na táirgí conartha a tháirgeadh nó chun na teicneolaíochtaí conartha a chur i bhfeidhm; agus
- (b) faoi chosaint ag cearta maoinne intleachtúla nó arb ionann iad agus fios gnó.

2. Ní mór ceangal a chur ar pháirtithe a bhfuil sé de chúram orthu na táirgí conartha a tháirgeadh trí speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe orduithe a chomhlíonadh ó na páirtithe eile maidir le soláthairtí táirgí conartha, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) déantar foráil sa chomhaontú T&F freisin do chomhdháileadh i gcomhar le foireann, eagraíocht nó gnóthas nó ag tríú páirtí a bhfuil na páirtithe ar iontaoibh chomhpháirteach acu; nó
- (b) chomhaontaigh na páirtithe nach bhféadfaidh ach an páirtí a tháirgeann na táirgí conartha iad a dháileadh.

Airteagal 6

Tairseacha, sciарtha den mhargadh agus fad na díolúine

1. I gcás nach gnóthais iomaíochas iad na gnóthais sa chomhaontú T&F, beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 gan beann ar na sciарtha den mhargadh ar feadh thréimhse an taighde agus na forbartha.

2. I gcás ina mbeidh dhá pháirtí nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú T&F san iomaíocht le haghaidh táirge agus/nó teicneolaíocht atá ann cheana, beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 ar feadh thréimhse an taighde agus na forbartha más amhlaidh na nithe seo a leanas an tráth a dhéantar an comhaontú T&F:

- (a) an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe i gcomhaontú T&F a bhaineann le comhtháighde agus forbairt, mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 mír 1(1)(a) nó (1)(c), ní sháraíonn sé 25 % ar na margáí táirgí agus teicneolaíochta ábhartha; nó
- (b) i gcás comhaontú T&F a bhaineann le taighde agus forbairt íoctha, mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 mír 1 (1)(b) nó (1)(d), ní mó ná 25 % an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag an páirtí maoinithe agus na páirtithe uile a bhfuil comhaontuithe T&F déanta ag an bpáirtí maoinithe leo maidir leis na táirgí nó na teicneolaíochtaí conartha céanna, ar na margáí táirgí agus teicneolaíochta ábhartha.

3. I gcás gur gnóthais iomaíochas iad dhá pháirtí nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú T&F le haghaidh nuálaíochta, beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 ar feadh thréimhse an taighde agus na forbartha más rud é, an tráth a dhéanfar an comhaontú T&F, go bhfuil trí nó níos mó iarrachtaí T&F iomaíochas sa bhreis ar iarrachtaí na bpáirtithe sa chomhaontú T&F agus inchomparáide leo.

4. I gcás comhaontuithe T&F ina mbaintear leas as na torthaí i gcomhar, leanfaidh an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 d'fheidhm a bheith aici go ceann seacht mbliana ón uair a chuirtear na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha ar an margadh den chéad uair laistigh den mhargadh inmheánach, má chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1, 2 nó 3 an tráth a dhéanfar an comhaontú a thagann faoi Airteagal 1 mír 1 (1)(a) nó (b). Chun go dtairbheoidh comhaontú a thagann faoi Airteagal 1 mír 1 (1)(c) nó (d) de dhíolúine leantach den sórt sin, ní mór na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1, 2 nó 3 a chomhlíonadh tráth a ndearnadh an comhaontú roimh ré de bhun Airteagal 1 mír 1 (1)(a) nó (b).

5. Tar éis dheireadh na tréimhse seacht mbliana dá dtagraítear i mír 4, beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 chomh fada agus nach sáróidh an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhaontú T&F 25 % ar na margáí lena mbaineann na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha. Más rud é, tar éis dheireadh na tréimhse seacht mbliana, go n-ardóidh an sciar den mhargadh os cionn 25 % ar cheann de na margáí seo, déanfar an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige ar feadh tréimhse dhá bhliain féilire as a chéile tar éis na bliana inar sáraíodh an tairseach 25 % den chéad uair.

Airteagal 7

Cur i bhfeidhm na dtairseach

1. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas chun na tairseacha maidir le sciar den mhargadh dá bhforáiltear in Airteagal 6 mír 2 agus mír 5 a chur i bhfeidhm:

- (a) Déanfar an sciar den mhargadh a ríomh ar bhonn luach na ndíolachán ar an margadh; mura bhfuil luach na ndíolachán ar an margadh ar fáil, féadfar meastacháin a úsáid atá bunaithe ar fhaisnéis margaidh iontaofa, lena n-áirítear méideanna díolachán ar an margadh, caitechas ar thaighde agus forbairt nó inniúlachtaí taighde agus forbartha, a úsáid chun sciar den mhargadh na bpáirtithe a shuí;

- (b) Déanfar an sciar den mhargadh a ríomh ar bhonn na sonraí a bhaineann leis an mbliain féilire roimhe sin; nó, mar mhalairt air sin, nuair nach bhfuil an bhliain féilire roimhe sin ionadaíoch do sheasamh na bpáirtithe sa mhargadh ábhartha nó sna margáí ábhartha; déanfar an sciar den mhargadh a ríomh mar mheán sciartha den mhargadh na bpáirtithe le linn na dt trí bliana féilire roimhe sin;
- (c) Déanfar an sciar den mhargadh atá i seilbh na ngnóthas dá dtagraítear in Airteagal 1 mír 2 (e) a chionroinnt go cothrom ar na ngnóthais uile a bhfuil na cearta nó na cumhachtaí acu a liostaítear in Airteagal 1 mír 2 (a).

2. Chun críocha an tairseach dá bhforáiltear in Airteagal 6 mír 3 a chur i bhfeidhm, déanfar an measúnú ar inchoimparáideacht iarrachtaí iomaíocha T&F ar bhonn faisnéise iontaofa maidir le gnéithe amhail (i) méid, céim agus uainiú na n-iarrachtaí T&F, (ii) (rochtain ar) acmhainní airgeadais agus daonna tríú páirtithe, a maoin intleachtúil, a bhfios gnó nó sócmhainní speisialaithe eile, a n-iarrachtaí T&F roimhe seo agus (iii) cumas agus dóchúlacht na dt tríú páirtithe leas a bhaint, go díreach nó go hindíreach, as torthaí féideartha ar a n-iarrachtaí T&F ar an margadh inmheánach.

TEIDEAL IV

SRIANTA DOCHTA AGUS EISIATA

Airteagal 8

Srianta dochta

Ní bheidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 maidir le comhaontuithe T&F a bhfuil sé de chuspóir acu, go díreach nó go hindíreach, ina n-aonar nó i gcomhar le tosca eile faoi rialú na bpáirtithe, aon cheann de na srianta seo a leanas:

1. Srian na saoirse atá ag na páirtithe taighde agus forbairt a dhéanamh go neamhspleách nó i gcomhar le tríú páirtithe:
 - (a) i réimse nach bhfuil baint aige leis an gceann lena mbaineann an comhaontú T&F; nó
 - (b) sa réimse lena mbaineann an comhaontú T&F nó i réimse gaolmhar tar éis an taighde agus na forbartha i gcomhar nó íochta a thabhairt i gcrích.
2. Teorainn le haschur nó díolacháin, cé is moite de:
 - (a) socrú na spriocanna táirgthe i gcás ina n-áirítear i saothrú na dtorthaí i gcomhar comhtháirgeadh na dtáirgí conartha;
 - (b) spriocanna díolacháin a leagan síos, i gcás inarb é a leanas torthaí an tsaothraithe i gcomhar:
 - (i) áirítear ann comhdháileadh na dtáirgí conartha nó comhcheadúnú na dteicneolaíochtaí conartha, agus
 - (ii) déantar é i gcomhar le foireann, eagraíocht nó gnóthas nó cuirtear é ar iontaoibh tríú páirtí;
 - (c) cleachtais ina gcuimsítear speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe; agus
 - (d) srian ar shaoirse na bpáirtithe chun táirgí, teicneolaíochtaí nó próisis atá in iomaíocht leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha a tháirgeadh, a dhíol, a shannadh nó a cheadúnú le linn na tréimhse ar chomhaontaigh na páirtithe na torthaí a shaothrú i gcomhar lena linn.
3. Praghsanna a shocrú le linn an táirge chonartha a dhíol nó le linn theicneolaíochtaí an chonartha a cheadúnú le tríú páirtithe, cé is moite de socrú praghsanna a ghearrtar ar neaschustaiméirí nó táillí ceadúnais a shocrú a ghearrfar ar cheadúnaithe láithreacha i gcás inarb iad an méid a leanas an tsaothraithe i gcomhar:
 - (a) áirítear ann comhdháileadh na dtáirgí conartha nó comhcheadúnú na dteicneolaíochtaí conartha, agus
 - (b) déantar é i gcomhar le foireann, eagraíocht nó gnóthas nó cuirtear é ar iontaoibh tríú páirtí i gcomhpháirt.

4. Srian maidir leis an gcríoch ina bhféadfaidh na páirtithe, nó ina bhféadfaidh custaiméirí na bpáirtithe, na táirgí conartha a dhíol go héighníomhach leo nó na teicneolaíochtaí conartha a cheadúnú, cé is moite den cheanglas chun na torthaí a cheadúnú go heisiach do pháirtí eile.
5. An ceanglas gan aon díolachán gníomhach a dhéanamh ar na táirgí conartha nó ar na teicneolaíochtaí conartha, nó chun iad a theorannú, i gcríocha nó le custaiméirí nach bhfuil leithdháilte go heisiach ar cheann de na páirtithe mar speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe.
6. An ceanglas chun diúltú freastal ar éileamh ó chustaiméirí i gcríocha na bpáirtithe faoi seach, nó ó chustaiméirí a leithdháiltear ar shlí eile idir na páirtithe trí bhíthin speisialtóireachta i gcomhthéacs an tsaothraithe, a dhéanadh margaíocht ar na táirgí conartha i gcríocha eile laistigh den mhargadh inmheánach.
7. An ceanglas go mbeidh sé deacair d'úsáideoirí nó d'athdhíoltóirí na táirgí conartha a fháil ó athdhíoltóirí eile laistigh den mhargadh inmheánach.

Airteagal 9

Srianta eisiata

1. Ní bheidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 maidir leis na hoibleagáidí seo a leanas i gcomhaontuithe taighde agus forbartha:

(a) An oibleagáid gan dúshlán a thabhairt maidir leis an méid a leanas:

(i) tar éis an taighde agus an fhorbairt a chur i gcrích, bailíocht na gceart maoin intleachtúla:

(1) atá i seilbh na bpáirtithe sa mhargadh inmheánach, agus

(2) atá ábhartha maidir leis an taighde agus leis an bhforbairt; nó

(ii) tar éis don chomhaontú T&F dul in éag, bailíocht na gceart maoin intleachtúla:

(1) atá i seilbh na bpáirtithe sa mhargadh inmheánach, agus

(2) a chosnaíonn torthaí an taighde agus na forbartha.

Ní dhéanfar aon difear don fhéidearthacht foráil a dhéanamh maidir le foirceannadh an chomhaontaithe T&F i gcás ina ndéanfaidh ceann de na páirtithe agóid i gcoinne bhailíocht na gceart maoin intleachtúla dá dtagraítear in (i) agus (ii);

(b) An oibleagáid gan ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe chun na táirgí conartha a tháirgeadh nó chun na teicneolaíochtaí conartha a chur i bhfeidhm mura bhforáiltear sa chomhaontú do shaothrú thorthaí an taighde agus na forbartha i gcomhar nó íochta ag ceann amháin de na páirtithe ar a laghad agus go dtarlaíonn saothrú den sórt sin sa mhargadh inmheánach i leith tríú páirtithe.

2. Má áirítear sa chomhaontú T&F aon cheann de na srianta eisiata a liostaítear san Airteagal seo, tá feidhm fós ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 má tá na srianta eisiata inscartha ón gcuid eile den chomhaontú T&F agus ar choinníoll go gcomhlíontar an chuid eile de choinníollacha an Rialacháin seo.

TEIDEAL V

NÓS IMEACHTA UM THARRAINGT SIAR

Airteagal 10

Tarraingt siar i gcásanna aonair ag an gCoimisiún Eorpach

1. Féadfaidh an Coimisiún tairbhe an Rialacháin seo a tharraingt siar, de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle, i gcás ina gcinnfidh sé in aon chás ar leith go bhfuil éifeachtaí, atá ar neamhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh, ag comhaontú T&F a bhfuil, mar sin féin, feidhm maidir leis ag an díolúine dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

2. Féadfaidh tairbhe an Rialacháin seo a tharraingt siar de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 go háirithe sna cásanna seo a leanas:

- (a) cuireann comhaontú T&F srian suntasach ar an raon feidhme do tríú páirtithe maidir le taighde agus forbairt a dhéanamh sa réimse/sna réimsí a bhaineann leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha;
- (b) cuireann an comhaontú T&F srian suntasach ar rochtain tríú páirtithe ar an margadh do tháirgí conartha nó do theicneolaíochtaí conartha;
- (c) ní shaothraíonn na páirtithe torthaí an taighde agus na forbartha i gcomhar nó íochta vis-à-vis tríú páirtithe gan aon chúis atá bailí ar bhonn oibiachtúil;
- (d) níl na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha faoi réir go hiomlán nó i gcuid mhór den mhargadh inmheánach d'iomáiocht éifeachtach ó tháirgí, ó theicneolaíochtaí nó ó phróisis a mheasann úsáideoirí a bheith coibhéiseach i bhfianaise a dtréithe, a bpraghsanna agus na húsáide atá beartaithe.

Airteagal 11

Tarraingt siar i gcásanna aonair ag údarás iomaíochta Ballstáit

1. Féadfaidh údarás iomaíochta Ballstáit tairbhe an Rialacháin seo de bhun Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh.1/2003 a tharraingt siar maidir le críoch an Bhallstáit sin, nó cuid de, i gcás ina gcinnfidh sé maidir le haon chás ar leith go bhfuil feidhm ag comhaontú T&F dá bhforáiltear an díolúine sa Rialachán seo, in ainneoin na dtionchar atá ar neamhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh maidir le críoch an Bhallstáit sin, nó i gcuid de, i gcás ina bhfuil na tréithe uile a bhaineann le margadh geografach éagsúil ag an gcríoch sin.

2. Féadfaidh údarás iomaíochta Ballstáit tairbhe an Rialacháin seo a tharraingt siar de bhun Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, go háirithe i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca a leagtar amach in Airteagal 10 mír 2(a) go 2(d) den Rialachán seo.

TEIDEAL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 12

Idirthréimhse

1. Gan dochar don fhoráil shonrach idirthréimhseach maidir le comhaontuithe T&F idir gnóthais atá san iomaíocht sa nuálaíocht a leagtar amach i mír 2, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) den Chonradh ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024 maidir le comhaontuithe atá i bhfeidhm cheana an 31 Nollaig 2022 nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le díolúine dá bhforáiltear sa Rialachán seo ach a chomhlíonann coinníollacha na díolúine dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1217/2010.

2. Le haghaidh comhaontuithe T&F idir gnóthais atá san iomaíocht sa nuálaíocht, ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 mír 1(18) agus ag Airteagal 6 mír 3 ach amháin maidir le comhaontuithe a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 13

Tréimhse bailíochta

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.
2. Rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN
